



LÚN A S A 2 0 2 0

# Clár

<b>Teachtaireacht An Uachtaráin</b>	<b>3</b>
<b>An Ghaeilge agus CLG Le Linn na hAicíde</b>	<b>4</b>
<b>Ár gCluichí Ár Laochra - Richie Hogan</b>	<b>5</b>
<b>Leasainmneacha na gContaetha</b>	<b>7</b>
<b>An lá a dúisíodh muintir an Iarthair</b>	<b>8</b>
<b>Ár gCluichí Ár Laochra - Seán Ó Maoilchiaráin</b>	<b>10</b>
<b>Podchraoladh Chomórtas Peile na Gaeltachta</b>	<b>12</b>
<b>Tabhair Cuairt ar Rannóg #GAAGaeilge GAA.ie Anois!</b>	<b>14</b>
<b>David Clifford, Aiséirí na draíochta</b>	<b>15</b>
<b>Liathróid Láimhe – Aimsigh na Focail!</b>	<b>16</b>
<b>Scór na nÓg – Rince Foirne – Na Buaiteoirí</b>	<b>17</b>
<b>Do Chlub, Do Chontae - CLG Ráth Tó, An Mhí</b>	<b>18</b>
<b>Terence ‘Sambo’ McNaughton</b>	<b>19</b>
<b>Crosfhocal</b>	<b>21</b>
<b>10 X Ceist #GAAGaeilge Oraibh!</b>	<b>22</b>
<b>An chéad bhabhta eile miondeontas d’Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha oscailte</b>	<b>24</b>
<b>Freagraí</b>	<b>25</b>



# Teachtaireacht An Uachtaráin

Céad míle fáilte go dtí an dara heagrán seo de ‘Cuaille’, iris nua Ghaeilge Chumann Lúthchleas Gael. Tá súil agam go mbainfidh sibh idir thaitneamh agus thairbhe as na míreanna éagsúla ata inti. I measc na míreanna sin, tá gné-ailt ar nós ‘Ár gCluichí, Ár gCultúr’, crosfhocal, tráth na gceist, ‘Do Chlub, Do Chontae’ podchraoltaí, míreanna club agus go leor leor eile.

Dar ndóigh, tá Covid-19 buailte linn go fóill agus tuigean muid uilig na dúshláin a bhaineann leis faoin am seo. Mar sin féin, tá sé iontach go bhfuil ár gcuid cluichí á n-imirt ag gach uile aoisghrúpa an athuir fud fad na tíre agus gur éirigh linn na Cúl Camps a chur ar siúl le linn an tsamhraidh. Ní gan dua a tharla na rudaí sin agus tá aitheantas mór tuillte ag ár gcuid clubanna agus ag ár gcuid ball as an obair mhór ata déanta acu.

Tá níos mó i gceist le Cumann Lúthchleas Gael ná eagraíocht spóirt, dar ndóigh, agus tá sé iontach go bhfuil tograí agus tionscnaimh eile taobh amuigh de na cluichí fós ag gabháil ar aghaidh, freisin. Bhí sé iontach ‘Scór Fíorúil’ a fheiceáil ag tús an tsamhraidh agus bhí sé iontach idir óg agus aosta a fheiceáil ag cur siamsaíochta ar fáil dúinn ann, ó gach cearn den tír.

Fógraíodh an dara babhta deontais de chuid

Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha le gairid. Tuigean muid go bhfuil srianta ar an líon daoine atá ceadaithe a bheith bailithe le chéile ach tá súil againn go mbeidh ár gcuid clubanna in ann spriocanna eile a bhaint amach leis an airgead, mar shampla, leithéidí comharthaíocht Ghaeilge a fháil don chlub chomh maith le suíomhanna idirlín agus gníomhaíochtaí eile ar líne a fhorbairt sa chlub.

Tá clúdach cuimsitheach ar fáil ar Rannóg Ghaeilge Shuíomh Idirlín CLG ar na craobhchomórtais club atá ar siúl faoi láthair agus is féidir coinneáil suas chun dáta leis na torthaí is déanaí, na cluichí atá ar na bacáin, tuairiscí ar chluichí agus go leor eile.

Coinnigí slán sábháilte agus bainigí taitneamh as an eagrán seo de ‘Cuaille’.

Beirigí bua agus beannacht,



**Seán Ó hÓráin**

**Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael**

Seosamh Mac Donncha,  
Cathaoirleach Choiste Náisiúnta na Gaeilge, CLG

## An Ghaeilge Agus CLG Le Linn na hAicíde

Is mór an t-athrú atá taghta ar an saol ó thús na bliana agus aicíd COVID 19 tagtha aniar aduaigh ar phobal an domhain, ar phobal na tíre agus ar phobal ar Chumann Lúthchleas Gael. Is cúis imní don Chumann go bhfuil orainn srianta ar leith a chur i bhfeidhim ar réimsí traenála, réimsí cluichí agus ar ghnáthimeachtaí eile laethúla mar is iad seo croí beo and croí sláintiúil an phobail. É sin ráite, tá éacht déanta ag na contaetha, na clubanna, ag baill agus lucht tacaíochta leis an mbealach ar ghlacadar freagracht phearsanta lena bhféinsmacht agus iad ag déanamh a gcuid chun an aicíd a chur faoi chois. Tá cinnireacht tugtha go náisiúnta ag baill an Chumainn gan trácht ar an tacaíocht agus cúnamh a thug siad go háitiúil nuair a bhí a cúnamh sin ag teastáil.

Ach in oiread leis na cluichí agus an traenáil a bheith coinnithe ag imeacht, níor lagadh ar an iarracht chun an Ghaeilge a chur chun cinn agus a húsáid a spreagadh ar fud na tíre. Coinníodh ag cur neart leis



na spriocanna atá leagtha amach i Straitéis Chumann Lúthchleas Gael don Ghaeilge agus béim mhór ar fheiceálachas na Gaeilge ar ardáin mheáin shóisialta an Chumainn. Tá níos mó le feiceáil faoin gCumann as Gaeilge ná bhí le fada nó cheana i riamh b'fhéidir.

Tá feachtas Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha faoi lán an tseoil agus gan bac curtha ag an aicíd ar dhul chun cinn. Ar ndóigh, tá buíochas mór ag dul d'ár leathbhádóirí, Glór na nGael, as an obair atá siad a dhéanamh ar fud na tíre.

Is é an feachtas is deireanaí as Gaeilge ná foilsíú an irisleabhair seo 'Cuaille', uirlis eile a churfidh ar ár gcumas eolas faoi imeachtaí an Chumainn a chur amach i measc mórphobal na Gaeilge.

Ach, níl aon bhealach níos fearr chun an Ghaeilge a chur chun cinn ná í a choinneáil beo trína labhairt go laethúil agus gan loiceadh ar aon seans í a bheith i mbarr a mbéil ag daoine chomh minic agus is féidir. Mar Ghaeil agus mar bhaill de Chumann Lúthchleas Gael tá freagracht phearsanta orainn, go mór mór muide a bhfuil an Ghaeilge againn, bíodh sí ina beagán nó ina móran, ár dteanga Náisiúnta a labhairt agus a húsáid a spreagadh inár saoil laethúla.

Ar nós an mhóriarracht atá déanta againn agus muid ag cur aicíd COVID 19 faoi chois, tá sé ar ár gcumas leis an iarracht chéanna, Cumann Lúthchleas Gael a chur go láidir i measc mhórphobal Gaeilge na tíre.

Má tá an Ghaeilge agat, labhair í.





## Ár gCluichí Ár Laochra

### Richie Hogan

Ár gCluichí, Ár Laochra – Richie Hogan  
Céard is féidir a rá faoi Richie Hogan, laoch mór  
Dhún Feart agus Chill Chainnigh, nach bhfuil ráite  
cheana féin? Tá Craobh Domhanda buaite aige sa  
liathróid láimhe. Tá ocht gcinn de Chraobhacha  
Laighean buaite aige, ceithre cinn de Ghradaim  
All-Star agus seacht gcinn de Chraobhacha Uile-  
Éireann. Ainmníodh é mar 'Imreoir na Bliana' sa  
bhliain 2014. Ní gá aon rud eile a rá!

Seo mar a d'fhreagair Richie ár  
gcuideanna san eagrán is  
deireanaí seo den tsraith  
'Ár gCluichí, Ár Laochra'!

**Ainm:**

Richie Hogan nó Risteard Ó hÓgáin

**Aois:**

31

**Slí bheatha:**

Bainisteoir Tráchtála

**Club:**

Dún Feart

**Contae:**

Cill Chainnigh

**An scannán is fearr leat?**

Training Day

**An banna ceoil is fearr leat?**

Mick Flavin

**An áit is fearr leat?**

Glinnte Aontroma

**An bia is fearr leat?**

Stéig agus sceallóga

**An chéad chuimhne CLG atá agat:**

Ag imirt le mo dheartháir i mo bhunscoil





**An t-imreoir ab fhearr leat nuair a bhí tú óg:**

DJ Carey

**An chéad uair ar imir tú le do chontae:**

2008 in aghaidh Aontroma

**An t-imreoir is fearr a d'imir leat:**

Tommy Walsh

**An t-imreoir is fearr a d'imir i do aghaidh:**

Pádraic Maher

**An cluiche is fearr a d'imir tú riamh:**

Cluiche Ceannais na hÉireann 2014

**Buaicphointe do shaoil imeartha le do chontae go dtí seo:**

An chéad uair a d'imir mé i gCluiche Ceannais na hÉireann leis an bhfoireann shinsearach sa bhliain 2007

**Buaicphointe do shaoil imeartha le do club go dtí seo:** Cluiche Ceannais an Chontae i 2006

**An duine is mó a raibh tionchar aige/aici ar do shaoil imeartha go dtí seo:**

M'athair Seán

**Aon chomhairle agat do imreoirí óga?**

Bí ag cleachtadh na scileanna bunúsacha an t-am ar fad.

**Aon chaitheamh aimsire eile?**

Liathróid Láimhe nó a bheith ag imirt gailf ó am go ham

**Gluais / Glossary**

**Dún Feart** – Danesfort **Craobh Domhanda** – World Championship **Gradam** – Award **Imreoir na Bliana** – Player of The Year **Eagrán** – Edition **Sraith** – Series **Bainisteoir Tráchtála** – Commercial Manager **Glinnte Aontroma** – Glens of Antrim **Scileanna Bunúsacha** – Basic Skills



*D'éirigh liom Fáinne Airgid a fháil agus mé ar scoil. Tá sé de rún agam snas a chur ar mo chuid Gaeilge i mbliana*

**MICKEY HARTE, BAINISTEOIR THÍR EOGHAIN**

# Leasainmneacha na gContaetha



Is rud an-choitianta leasainmneacha a bheith ar na contaetha éagsúla in Éirinn agus ar mhuintir na gcontaetha. Breathnaíonn muid anseo ar chuid de na leasainmneacha sin. Tá go leor de na leasainmneacha thíos nádúrtha sa Ghaeilge ach aistriúcháin atá i gcuid acu a thagann díreach ón mBéarla!



## LAIGHIN

Lú – An Contae Beag  
An Mhí – An Contae Ríoga  
Áth Cliath – Na Bleá Cliathaigh  
Cill Mhantáin – Gairdín na hÉireann  
Loch Garman – Na Carmanaigh  
Cill Chainnigh – Na Cait  
Cill Dara – Na Lílí Bána  
Ceatharlach – Contae na nDolmainí  
Laoise – Contae Uí Mhórdha / Na Laoisigh  
Uíbh Fhailí – An Contae Dílís  
An Iarmhí – Contae na Lochanna  
An Longfort – Contae Uí Fhearghaíl

## ULAI DH

Dún na nGall – Na Conallaigh  
Ard Mhacha – Muintir an Úlloird  
Muineachán – Muintir na Fearnmhaighe  
An Cabhán – Bréifne  
Doire – Doire Cholmcille / Contae na nDuillí Darach  
Fear Manach – Contae na hÉirne / Contae Mhig Uidhir  
Aontroim – Na Crócbhuithe / Muintir an Ghleanna  
An Dún – Contae na mBeanna Boirche  
Tír Eoghain – Contae Uí Néill / Contae na Láimhe Deirge

## CONNACHTA

Gaillimh – Na Gaillimhigh / Muintir na dTreabh  
Maigh Eo – Contae an Iúir  
Ros Comáin – Lucht Goidte na gCaorach / Na Rosaithe  
Sligeach – Dúiche Yeats / Na Snaganna Breaca  
Liatroim – Contae Uí Ruairc / Contae na Rósanna Fiáine


## AN MHUMHAIN

Port Láirge – Na Déise / Na Déisigh  
Tiobraid Árann – Na Tiobraidigh  
Corcaigh – Na Reibiliúnaigh  
Ciarraí – An Ríocht / Na Ciarraígh  
Luimneach – Contae an Chonartha  
An Clár – Na Cláirínigh





# An lá a dúisíodh muintir an Iarthair



Ní dhéanfaidh muintir na Gaillimhe dearmad ar 7 Meán Fómhair 1980 go deo – iad siúd a bhí beo ag an am ar chuma ar bith! Ní raibh ach an t-aon Chraobh uile-Éireann amháin buaite ag Gaillimh roimhe sin agus bhí 57 bliain caite ó d'éirigh leo Corn Liam Mhic Cárthaigh a thabhairt siar thar an tSionainn go deireanach thiar sa mbliain 1923.

Idir an dá linn, d'éirigh leo 9 gcinn de Chluichí Ceannais uile-Éireann a bhaint amach san iomáint agus gan oiread is bonn amháin le taispeáint acu dá gcuid iarrachtaí.

Ba iad iománaithe Luimnigh a bhí eatarthu féin agus greim láimhe a fháil ar Chorn Liam Mhic Cárthaigh an iarraidh seo i 1980. Bhí tús spleodrach ag Gaillimh leis an gcluiche agus tar éis 10 nóiméad, nó mar sin, bhí siad chun tosaigh ar scór 2-01 go dtí 0-00. Dhúisigh sé sin Luimneach agus Éamonn Cregan ach go háirithe, áfach, agus níorbh fhada go raibh Luimneach ar ais sa chluiche. D'éirigh le Gaillimh fanacht chun tosaigh, mar sin féin, don chluiche uilig agus d'éirigh leo an cluiche a bhuachaint ar scór 2-15 go dtí 3-09. Bhí sé déanta acu. Bhí muintir an Iarthair ina ndúiseacht.

Bhí foireann iontach ag Gaillimh an bhliain sin faoi stiúir Cyrell Farrell. Bhí triúr de mhuintir Uí Chonghaile ann – Joe, John agus Micheal. Bhí Bernie Forde ann agus d'éirigh leis 1-05 ar fad a aimsiú sa chluiche ceannais sin. Bhí PJ Molloy, Conor Hayes, Noel Lane ann. Bhí spiorad aisteach acu agus thuill siad a mbua an bhliain sin.

Bíonn ócáid bhronnta Chorn Liam Mhic Cárthaigh speisialta i gcónaí, ach bhí sé draíochtúil an lá sin. Tá go leor den tuairim gur tugadh an óráid ab fhearr riamh ó Ardán Uí Ógáin nuair a labhair captaen na foirne, Joe Connolly, i nGaeilge faoi mhuintir na Gaillimhe a bhí ag ceiliúradh ní hamháin i nGaillimh ach fud fad na cruinne.

'Is iontach an lá inniu le bheith i do Ghailimheach. Tá daoine ar ais i nGaillimh agus tá gliondar ar a gcroí ach, freisin, caithfidh muid cuimhniú ar dhaoine i Sasana, i Meiriceá agus ar fud na cruinne atá, b'fhéidir, ag caoineadh anois le háthas.'

Le linn na hóráide ghabh sé buíochas agus chuimhnigh sé ar iarrachtaí Iggy Clarke agus Jack Lucas le linn na bliana – beirt nach raibh in ann imirt ar an lá de bharr gortuithe. Nuair a luaigh Connolly ainm Clarke, a bhí seasta gar go maith dó, d'éiligh an slua air an corn a ardú agus rinne sé amhlaidh. Chuaigh an slua craiceáilte!

Ansin, le clabhsúr a chur leis an mbronnadh chas Seosamh Mac Donncha 'The West's Awake' ón Ardán. Bhí mothúcháin an bhróid le brath go mór uaidh agus cuireann sé deora i súile go leor Gaillimheach fós go dtí an lá inniu nuair a bhreathnaíonn siad siar ar 'Joe' ag casadh. Beidh caint ar an lá sin go deo. Foireann na Gaillimhe 1980 abú!

## Gluais / Glossary

**ar chuma ar bith** – anyway **greim láimhe** – a grip **tús spleodrach** – electrifying start **spiorad aisteach** – great spirit **ócáid bhronnta** – presentation **d'éiligh an slua air** – the crowd demanded of him **rinne sé amhlaidh** – he obliged **clabhsúr** – conclude **mothúcháin an bhróid** – feelings of pride





# GAA FOR ALL

## CLG do Chách

GAA

WHERE WE  
ALL BELONG

Lá Náisiúnta Rannpháirtíochta Chumann  
Lúthcheas Gael

Dé Céadoin 23 Meán Fómhair

Cláraigh anseo:

<https://www.gaa.ie/nationalinclusionday>



Tá Áit Dúinn Uilig Ann





## Ár gCluichí Ár Laochra

### Seán Ó Maoilchiaráin

Cuireann muid 20 ceist ar laoch óg Oileáin Árann agus na Gaillimhe, Seán Ó Maoilchiaráin, anseo. D'imir Seán a chéad chluiche sraithe le Gaillimh in aghaidh Mhuineacháin ag tús na sraithe i mbliana agus is ó neart go neart atá sé ag gabháil ó shin. Níl aon amhras faoi ach go bhfuil todhchaí bhreá i ndán don lánchúláí iontach seo lena chlub agus lena chontae.

Ní hamháin go bhfuil bua na peile ag fear Árann ach is damhsóir, amhránaí agus ceoltóir den chéad scoth é, freisin!

*Is mar seo a leanas a d'fhreagair Seán ár gcuid ceisteanna!*

**Ainm:**  
Seán Ó Maoilchiaráin

**Aois:**  
20

**Slí bheatha:**  
Mac léinn NUIG

**Club:**  
CLG Oileáin Árann

**Contae:**  
Gaillimh

**Club nó contae?**  
Club

**An scannán is fearr leat?**  
The Longest Yard

**An banna ceoil is fearr leat?**  
The Coronas

**An áit is fearr leat?**  
Inis Oírr

**An bia is fearr leat?**  
Bradán





**An clár teilifíse is fearr leat?**

Impactical Jokers

**An chéad chuimhne CLG atá agat:**

Ag imirt peile amuigh sa ngarraí os comhair an tí

**An t-imreoir ab fhearr leat nuair a bhí tú óg:**

Pádraic Joyce/Micheal Meehan

**An chéad uair ar imir tú le do chontae:**

Faoi 14 – Blitz

**An t-imreoir is fearr a d'imir leat:**

Colm Diego Brennan, ó mo chlub fhéin

**An t-imreoir is fearr a d'imir i do aghaidh:**

David Clifford

**An cluiche is fearr a d'imir tú riamh:**

Cluiche Leathcheannais Sigerson 2018

**Buaicphointe do shaoil imeartha le do chontae:**

Mo chéad chluiche sraithe don fhoireann shinsir i gcoinne Mhuineacháin i Staid an Phiarsaigh i mbliana.

**Buaicphointe do shaoil imeartha le do chlub go dtí seo:**

A bheith ag imirt i Roinn a hAon sa tsraith i mbliana den chéad uair i riamh.

**An duine is mó a raibh tionchar aige/aici ar do shaoil imeartha go dtí seo:**

Mo mhuintir.

**Aon chomhairle agat do imreoirí óga?**

Cleachtadh a dhéanamh ar na scileanna bunúsacha.

**An mbeadh suim agat a bheith i do chóitseálaí/bhainisteoir amach anseo?**

Bheadh suim agam ann ach tá sé i bhfad uaim go fóill!

**Aon chaitheamh aimsire eile?**

Is breá liom a bheith ag casadh ceoil. Casaim an bainseó agus an giotár.

**Gluais / Glossary**

**eagrán** – edition **céad chluiche sraithe** – first league match **ó neart go neart** – from strength to strength **amhras** – doubt **todhchaí bhreá** – bright future **i ndán** – destiny **lanchúlaí** – fullback **bua na peile** – gift of football **den chéad scoth** – of the best **teanga dhúchais** – native language **údar mórtais** – source of pride **sa ngarraí** – in the garden **Staid an Phiarsaigh** – Pearse Stadium **mo mhuintir** – my family **scileanna bunúsacha** – basic skills **ag casadh ceoil** – playing music **bainseó** – banjo **giotár** – guitar



*Sí an Ghaeilge mo theanga dhúchais. D'fhás mé suas ag labhairt Gaeilge i gcónaí agus ní fhéadfainn smaoiniú gan í a labhairt. Is údar mórtais é dhom a bheith ag labhairt Gaeilge.*

**SEÁN Ó MAOILCHIARÁIN, GAILLIMH**





Podchraoladh Oifigiúil Chumann  
Lúthchleas Gael

106.4FM  
RAIDÍO  
NA LIFE  
Cúide na Cathrach  
I gcomhar le...


## Podchraoladh Chomórtas Peile na Gaeltachta



Tagann lucht Gaeltachta agus lucht Gaeilge le chéile ó cheann ceann na tíre le linn dheireadh seachtaine an cincise gach bliain le féasta mór peile a bheith acu ag Comórtas Peile na Gaeltachta. Céad faraor géar, ní raibh aon fhéasta ann i mbliana de bharr Covid-19. Mar sin féin, ní hionann sin is a rá nach raibh aon phlé agus caint ar siúl maidir leis na laochra Gaeltachta agus na laochra Gael a théann chun páirce dá gcuid clubanna Gaeltachta.

Sa phodchraoladh speisialta seo de chuid An Spota Dubh i gcomhar le Cumann Lúthchleas Gael, a cuireadh le chéile le deireadh seachtaine speisialta na cincise 2020 a aithint, roghnaíonn triúr laochra peile – Marc Ó Sé, Ciarraí, Seán Ó Domhnaill, Gaillimh, agus Caoimhín Ó Casaide, Dún na nGall – a rogha 15 de na himreoirí fud fad na tíre atá in ann imirt ag Comórtas Peile na Gaeltachta.

Bhí neart cuir agus cúitimh idir an triúr fhathach peile seo



agus iad ag roghnú na foirne agus, dar ndóigh, go leor díospóireachta ann freisin. Éist leis an gclár [anseo](#).

Cuirtear podchraoladh oifigiúil #GAAGaeilge ar fáil i gcomhar leis an Spota Dubh ó Raidió na Life.



## Ceiliúradh ar Amhránaíocht, Dhamhsa, Cheol agus ar Dhrámaíocht

Rince Foirne | Amhránaíocht Aonair |  
Aithriseoireacht/Scéalaíocht | Bailéad-Ghrúpa  
Nuachleas | Ceol Uirlise | Rince Seit | Tráth na gCeist

Tuilleadh eolais:  
[www.gaa.ie/the-gaa/cultur-agus-gaeilge/scor](http://www.gaa.ie/the-gaa/cultur-agus-gaeilge/scor)

**GAA**  
TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN





Do Chlub –  
Do Chontae

Gaeilge  
agus Fáilte



**Tabhair Cuairt  
ar Rannóg  
#GAAgaeilge  
GAA.ie Anois!**

Coinnigh suas chun dáta leis an nuacht is déanaí, le tuairiscí ó chluichí, leis na torthaí is déanaí, leis na cluichí uile atá amach romhat agus le go leor leor eile ó Chraobhchomórtais na gClubanna agus ó na Craobhchomórtais Idirchontae trí chuairt a thabhairt ar Rannóg #GAAgaeilge Shuíomh Idirlín Chumann Lúthchleas Gael anseo.

Ní hamháin go mbíonn na torthaí uilig agus liostaí cluichí le feiceáil gach seachtain ann ach bíonn gné-ailt leithéidí 'Ár gCluichí, Ár Laochra' agus 'Do Chlub, Do Chontae' le léamh ann go minic, freisin. Bíonn an nuacht is déanaí ó Chumann Lúthchleas Gael le fáil ann.

Dar ndóigh, ní clúdach ar na cluichí Gaelacha amháin atá le fáil ann. Más eolas ar Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha, Straitéis CLG don Ghaeilge, An Treoir Oifigiúil nó Forógra CLG atá uait ní gá ach cuairt a thabhairt ar an nasc thuas! Faigh amach cé hé/hí Oifigeach Gaeilge agus Cultúrtha do chontae ann. Foghlaim faoi ról Choiste Náisiúnta Gaeilge Chumann Lúthchleas Gael ann.

Tá téarmaí Gaeilge do na cluichí, do chruinnithe agus Rialacha Thráth na gCeist ann. Tá na scileanna uilig le fáil ann. Tá eolas faoi Scór le fáil ann. Tá gníomhaíochtaí do pháistí óga le fáil ann. Tá an chéad eagrán de 'Cuaille' le fáil ann.

Na bí i do strainséir – tabhairt cuairt orainn anois!!



*Ba cheart dúinn uilig a bheith fíorbhródúil as ár dteanga náisiúnta agus as ár dteanga dúchais. Is cuid dár n-oidhreacht agus dár gcultúr í. Úsáidigí an 'cúpla focal' chomh minic agus is féidir. Beatha teanga í a labhairt!*

**DECLAN HANNON, LUIMNEACH**



Sliocht as píosa ó Liam de Lása,  
Fondúireacht Sheosaimh Mhic  
Dhonncha

# David Clifford

Aiséirí na draíochta

Bhí caint ar David Clifford i bhfad siar sular tháinig sé isteach ar phainéal sinsir Chiarraí agus bhí lucht traidisiúnta ag faire air le dóchas óir thuigeadar a thallann, a stuaim agus a nádúrthacht mar pheileadóir óg. Bhí foireann mhionúr na Ríochta **ag treabhadh leo** ag buachtaint ceithre chraobh uile-Éireann as a chéile agus bhí raic á déanamh ag Clifford idir 2016 agus 2017. Amhail Joe Canning le hiománaithe na Gaillimhe siar sa bhliain 2008 ní raibh aon amhras ach go gcaithfeadh sé geansaí Chiarraí luath nó mall.

Ní cuimhin liom féin an oiread cainte ar imreoir mionúr cheana. D’eascair formhór na cainte as feachtas na gcoláistí le scoil Naomh Bhreandáin i gCill Airne agus bhíomar **ag feitheamh go foighneach** air geansaí Chiarraí a chaitheamh sna samhraí a tháinig ina dhiaidh sin. Thug sé spléachadh dúinn i gCluiche Ceannais Mionúr na hÉireann 2017 le ceann de na taispeántais ab fhéarr a chonacthas riamh ag an leibhéal san. 4-4 a tháinig óna dhá bhróg i gcoinne Dhoire agus bhí cuid dá ghaicís leis an gcaid áirithe i measc bhuaicphointí na bliana sin.

## Ardú Céime

Tá dhá bhliain caite aige ar an bhfoireann sinsir anois agus a chuid taispeántas aitheanta le gradam Imreoir Óg na Bliana 2018 agus dhá ghradam All-Star buaite aige as a chéile. Tugadh ról an chaptaein dó ag tús na bliana seo ach do **bhí muc ar gach mala** ag mórán i gCiarraí agus **níos faide i gcéin**. Deineadh an argóint go raibh sé ró-óg fós, agus go mbeadh **ualach an chúraim** róthrom ar a ghuaillí. Ghlac sé leis an onóir agus chuaigh sé i mbun a chuid gnó mar ba ghnách dó a dhéanamh. Pé ní a bheadh le rá aige ba ar an **ngort caide** amháin a déarfadh sé é.

Déanaim amach go mbeadh a ainm ar bharr aon liosta “aistrithe” ar bhainisteoirí na laethanta seo. Tá na **comharthaí sóirt** ann go n-athróidh sé **múnlaí traenála** agus modhanna forbartha d’imreoirí atá le teacht. Gach seans go gcífimid bainisteoirí ag tabhairt scóipe agus sairse d’imreoirí óige le himeacht ar an ionsaí agus dul sa seans as seo amach.

Fé mar a dúirt cheana níl saol imeartha Clifford ach ina

## Gluais / Glossary

**ag treabhadh leo** – ploughing on **ag feitheamh go foighneach** – waiting patiently **bhí muc ar gach mala** – it was frowned upon **níos faide i gcéin** – further afield **ualach an chúraim** – weight of responsibility **gort caide** – football field **comharthaí sóirt** – identifying marks **múnlaí traenála** – training methods **dul i gcion ar** – to impress **córais chosanta** – defensive systems



thús ach tá fear óg an Fhosaidh tar éis **dul i gcion** ar dhaoine a bhfuil meas orthu ar bhreáthacht, draíocht agus saibhreas an chluiche. Is olc an ghaoth a deirtear agus ceal cluichí na laethanta seo tá an caint ar **chórais chosanta** díbeartha ón díospóireacht ar feadh tamaill. Le teacht imreoirí ar nós Clifford ní bheidh a leithéid de caint chomh mór chun tosaigh arís.


## CEISTEANNA

1. Cén t-íománaí de chuid na Gaillimhe a ndéantar tagairt dó sa chéad alt thuas?
2. Cén scoil ina raibh David (alt 2)?
3. Cén bhliain inar bronnadh gradam ‘Imreoir Óg na Bliana ar David?
4. Cén comharthaí sóirt atá luaite in alt 4?
5. Cé has do avid Clifford (alt 5)?

FREAGRAÍ



# Liathróid Láimhe – Aimsigh na Focail!



**Aimsigh na focail seo a leanas:**

**Balla Tosaigh** (Front Wall)

**Cluiche Dúbailte** (Doubles)

**Cluiche Measctha** (Mixed)

**Cluiche Singil** (Singles)

**Cúirt** (Court)

**Cúlballa** (Back Wall)

**Feall Coise** (Foot Fault)

**Geansaí** (Jersey)

**Imirt Réitigh** (Tiebreaker)

**Miotóga** (Gloves)

**Pointe** (Point)

**Pointe Scoir** (Game Ball)

**Seirbheáil Ghearr** (Short Serve)

**Seirbheáil Fhada** (Long Serve)

**Sos** (Timeout)

**Spéaclaí Cosanta** (Goggles)



**FREAGRAÍ**





# Scór na nÓg – Rince Foirne – Na Buaitheoirí

## Rolla Onóra

- |      |   |      |   |      |  |
|------|---|------|---|------|--|
| 1973 | Ní raibh aon chomórtas ann / No Competition         | 1990 | Droichead Abhann Ó gCearnaigh, An Clár, An Mhumhain | 2007 | Carraig Uí Leighin, Corcaigh, An Mhumhain            |
| 1974 | Clochán, Luimneach, An Mhumhain                     | 1991 | Mala, Corcaigh, An Mhumhain                         | 2008 | Carraig Uí Leighin, Corcaigh, An Mhumhain            |
| 1975 | Clann na nGael, Lú, Laighin                         | 1992 | Na Piarasaigh, Luimneach, An Mhumhain               | 2009 | Watty Graham, An Gleann, Doire, Ulaidh               |
| 1976 | Naomh Éanna, Tír Eoghain, Ulaidh                    | 1993 | Cluain Daimh, An Dún, Ulaidh                        | 2010 | Gleann Fleisce, Ciarraí, An Mhumhain                 |
| 1977 | Cláirseacha Bhaile Uí Thuathaláin, An Dún, Ulaidh   | 1994 | An tSráidbhaile, Port Láirge, An Mhumhain           | 2011 | An Bóthar Buí, Corcaigh, An Mhumhain                 |
| 1978 | Cláirseacha Bhaile Cholmáin, An Dún, Ulaidh         | 1995 | An tSráidbhaile, Port Láirge, An Mhumhain           | 2012 | Craobh Chomhartha, Luimneach, An Mhumhain            |
| 1979 | Oileán na hÉireann, Áth Cliath, Laighin             | 1996 | Mala, Corcaigh, An Mhumhain                         | 2013 | An Bóthar Buí, Corcaigh, An Mhumhain                 |
| 1980 | An tAthair Ó Gríofa, Gaillimh, Connachta            | 1997 | Watty Graham, An Gleann, Doire, Ulaidh              | 2014 | Na Fianna, Áth Cliath, Laighin                       |
| 1981 | An tAthair Ó Gríofa, Gaillimh, Connachta            | 1998 | Dún Aill/Fionnúir, Port Láirge, An Mhumhain         | 2015 | An Spá, Ciarraí, An Mhumhain                         |
| 1982 | Oileán na hÉireann, Áth Cliath, Laighin             | 1999 | Cora Finne, Gaillimh, Connachta                     | 2016 | Cláirseacha Bhéal Átha an Airgid, Ard Mhacha, Ulaidh |
| 1983 | Cláirseacha Bhaile Cholmáin, An Dún, Ulaidh         | 2000 | Dún Aill/Fionnúir, Port Láirge, An Mhumhain         | 2017 | Naomh Cillian, An Chrois Bhán, Ard Mhacha, Ulaidh    |
| 1984 | Ard Achadh, Maigh Eo, Connachta                     | 2001 | Cora Finne, Gaillimh, Connachta                     | 2018 | Cill Shléibhe, Ard Mhacha, Ulaidh                    |
| 1985 | Eiméidigh Chill Choirle, Lú, Laighin                | 2002 | Áthán, Luimneach, An Mhumhain                       | 2019 | Naomh Muire, Achadh Gallan, Aontroim, Ulaidh         |
| 1986 | Eiméidigh Chill Choirle, Lú, Laighin                | 2003 | Bréachmhaigh, Maigh Eo, Connachta                   | 2020 | An Caisleán Nua, Tiobraid Árann, An Mhumhain         |
| 1987 | Droichead Abhann Ó gCearnaigh, An Clár, An Mhumhain | 2004 | Ruairí Ó Mórdha, Béal Tairbirt, An Cabhán, Ulaidh   |      |  |
| 1988 | Naomh Éanna, Tír Eoghain, Ulaidh                    | 2005 | Gleann Fleisce, Ciarraí, An Mhumhain                |      |  |
| 1989 | Droichead Abhann Ó gCearnaigh, An Clár, An Mhumhain | 2006 | Gleann Fleisce, Ciarraí, An Mhumhain                |      |  |

\* Rince Aónair

1973 Deirdre Ní Chadhain, Bóthar na Trá, Gaillimh, Connachta



*D'fhreastail mé ar Ghaelscoil Ultain i mbaile Mhuineacháin. Chaill mé mo Ghaeilge ar feadh tamaill ach rinne mé iarracht í a fhoghlaim arís*

DESSIE MONE, MUINEACHÁN



# Do Chlub, Do Chontae

## CLG Ráth Tó, An Mhí



**Bunaithe:** 1903

**Dathanna:** Gorm agus Buí

**Líon Ball:** 1,199 (699 Faoi aois agus 500 Fásta)

**Craobhacha Sinsir Peile:** 2019

**Craobhacha Sinsir Iomána:** 1963

**Laochra móra de chuid an chlub:** Bill Eiffe – bhuaigh sé Craobh Shóisir Peile na Mí i 1970 and Craobh Shinsir Iománaíochta na Mí i 1963 le Ráth Tó. Ba é an chéad imreoir as Ráth Tó chun imirt le peileadóirí sinsir na Mí. Bhuaigh sé Craobhacha Sóisir na hÉireann leis an Mí sa pheil agus san iománaíocht. Bhuaigh sé craobh sa tSraith Náisiúnta san iománaíocht, freisin.

Ainmníodh láthair an chlub i ndiaidh Seán Eiffe – imreoir mór le rá le Ráth Tó ag gach leibhéal go dtí gur cailleadh go tragóideach é, nuair a bhí sé ar dualgas oíche amháin leis an nGarda Síochána i mí na Nollag 2001.

**Imreoirí Reatha Idirchontae –**

**Peil:** Brian Mac Mathúna, Conor Mac Giolla, Joey De Bhailís, Eamon De Bhailís, Daithí Mac Gabhann.

**Iománaíocht:** Jack Mac Gabhann, Gavin Mac Gabhann, Pádraic Ó hAnracháin, Colm Ó Riordáin, Darragh Ó Ceallaigh, Cian Ó Ceallaigh

**Peil na mBan:** Emma Nic Giolla, Katie Newe

**Camógaíocht:** Áine Nic an Oirchinnigh, Áine Nic Dhabhuic, Amy Ní Ghamhna, Louise Ní Ghamhna

*Níl aon tinteán mar do thinteán féin.  
Do Chlub, Do Chontae!*



Tá CLG Rath Tó suite i ndeisceart chontae na Mí agus cuireann an Club cluichí ar fáil d'óg agus d'aosta fud fad an bhaile agus an cheantair máguaird. Cuirtear beagnach caoga foireann chun páirce gach bliain ina n-áirítear foirne iomána, peile, camógaíochta agus foirne peile na mban.

Is ag ceartlár an phobail atá an Club, dar ndóigh, mar a mhínigh Ciara Nic Cába, ball de chuid an Chlub:

“Is cuid lárnach den cheantar é Cumann Lúthcleas Gael anseo i Ráth Tó. Déanann sé maitheas don fholláine mar buaileann daoine lena chéile go rialta ag traenáil le haghaidh spóirt dhifriúla, nó sa chlubtheach ag imeachtaí sóisialta, ar nós: ócáidí tiomsaithe airgid.”

Is mar chumann iomána a bunaíodh CLG Rath Tó sa bhliain 1903 agus níor thosaigh siad ag cur foirne peile chun páirce go dtí 1956. Ó shin i leith, tá freastal

iontach á dhéanamh acu ar lucht peile sa cheantar agus tháinig ceann de bhuaicphointí an chlub anuraidh nuair a bhuaigh siad Craobhchomórtas Sinsir Peile na Mí don chéad uair. Ábhar mór bróid a bhí sa méid sin don chlub, dar ndóigh.

I dtús aimsire ba iad na dathanna gorm agus bán a chaitheadh Rath Tó ach thart ar 1950 d'athraigh siad go gorm agus buí. Deirtear go raibh tionchar mór ag na Tiobraidigh ar an gcinneadh sin!

Bhuaigh go leor imreoirí ón gclub Craobhacha Sinsir Iomána le Cumann Naomh Pádraig sna caogaidí. Cuireadh an Cumann sin ar bun le go bhféadfadh imreoirí ó chlubanna sóisir timpeall an cheantair imirt ag an leibhéal is airde. Ag an am ní raibh ach trí fhoireann shinsir i gcontae na Mí. I measc na gclubanna eile a raibh imreoirí dá gcuid ag imirt le Naomh Pádraig bhí Cill Táile, An Scrín agus Droim Rí.

### **Gluais / Glossary**

**an ceantar máguaird** – the surrounding area **ceartlár an phobail** – the core of the community **ócáidí tiomsaithe airgid** – fundraisers **Ó shin i leith** – Since then **I dtús aimsire** – In the beginning **Cinneadh** – decision **láthair an chlub** – the club site **mór le rá** – famous **tragóideach** – tragically **ar dualgas** – on duty



# Terence 'Sambo' McNaughton

Sliocht as alt de chuid Liam de Lása, Fondúireacht  
Sheosaimh Mhic Dhonncha

Níor bhuaigh Terence 'Sambo' McNaughton bonn uile-Éireann sa deireadh ach dála mórán foirne iontacha chuaigh Aontroim an-chóngarach i 1989 nuair a bhuaíl Tiobraid Árann iad i gcluiche ceannais na bliana sin. Bhain sé le tréimhse órga na n-ochtóidí/tús na nóchaidí. Bhí iománaithe Aontroma ag dreapadh an dréimire go tapaigh i ngan fhios do na foirne traidisiúnta ag an am. Lá dá saol a bhí ann nuair a thugadar bata agus bóthar d'fhoireann chaithréimeach Uíbh Fhailí i gcluiche leathcheannais na hÉireann 1989. Tugann éachtaint le súil neamhchlaonta ar na leabhair staire le fios dúinn gurbh é an bua gan choinne ba mhó sa chluiche riamh é. Bhí iománaithe Aontroma tagtha ar an bhfód agus réalta dá gcuid féin acu lena chois.

Bhaineadar sásamh as an talamh nua seo agus i bhfeabhas a bhí taispeántais McNaughton ag dul, an cosantóir ba dhéine agus ba chliste ar an bhfoireann. Fiú agus iad ag tabhairt a n-aghaidh ar na boic mhóra bhíodh na scóranna tearc ina choinne. Tugadh aitheantas pearsanta dó i 1991 nuair a bhuaigh sé Gradam All-Star den chéad uair. Chríochnódh sé a laethanta imeartha le sé bhonn Uladh agus dhá chraobh shinsir 'B' buaite aige ach níorbh é an chaibidil dheireanach sa leabhar é nuair a bheartaigh sé go raibh

a chuid ráite agus déanta aige ar an ngort imeartha.

## Scaipeadh an tsoiscéil

D'imir sé a chluiche deireanach dá chontae i 1996 agus chuaigh sé i mbun oibre ar an soiscéal a scaipeadh go luath ina dhiaidh. Ceapadh é mar bhainisteoir ar fhoireann mhionúir Aontroma in 2004 agus chaith sé seal leis an bhfoireann faoi 21 chomh maith. Nuair a fógraíodh ag deireadh na bliana 2006 gurbh eisean an té ab oiriúnaí chun an post sinsearach a thógaint, bhí dian-eolas aige ar thobar na tallainne agus bhí cuid mhór de na himreoirí tar éis dul trína lámha cheana féin. Sula raibh aon chaint ar chórais fhorbartha bhí a chóras féin á chur i bhfeidhm aige ó thuaidh. Go ciúin, doicheallach chuaigh sé i mbun oibre ag scaipeadh shoiscéal an chluiche ársa i measc a mhuintire féin. Ba mhór an mórtas a bhraitheadar mar sin nuair a insealbhaíodh é anuraidh mar laoch aitheanta de chuid na gcluichí Gaelacha i bPáirc an Chrócaigh. Onóir a dhéanann ceiliúradh ar sheoid fir a thugann a shaol ar son chúis an chamáin.

Áirítear Terence Sambo McNaughton mar dhuine de na himreoirí ab fhearr a raibh de phribhléid againn féachaint air riamh.

## Gluais / Glossary

**dála** – in common with **an-chóngarach** – very close **tréimhse órga** – golden period **ag dreapadh an dréimire** – climbing the ladder **bata agus bóthar a thabhairt** – give the boot **caithréimeach** – triumphant **neamhchlaonta** – unbiased **bua gan choinne** – surprise win **boic mhór** – big boys **tearc** – scarce **an chaibidil dheireanach** – final chapter **fógraíodh** – announced **an té ab oiriúnaí** – the most suitable person **tobar na tallainne** – well of talent **córais fhorbartha** – development systems **cluiche ársa** – ancient game **mórtas** – pride **insealbhaíodh** – inducted **seoid** – gem



# Do Chlub, Do Chontae Caith an Fáinne!



Tá an Fáinne ar fáil ó  
[www.gael-linn.ie](http://www.gael-linn.ie) / [www.cnag.ie](http://www.cnag.ie)

#GAAgaeilge



# Crosfhocal


## TRASNA

1. Gairdín na hÉireann, 4, 8
6. Bainisteoir Iománaithe Laoise, 7
7. Club Chaoimhín Uí Chasaide, 5, 7
10. Contae beag, 2
13. Corn Sheaimpíní Peile Laighean, Corn\_\_\_\_\_ 2, 10
15. Cárta Réiteora
16. Captaen Iománaithe Thiobraid Árann, 8
17. Comórtas ag Scór, 5, 4

## SÍOS

2. Contae Ryan O'Rourke, 8
3. Club Patrick Horgan, 8, 2, 8
4. Iar-Uachtarán CLG, 1, 5
5. Bainisteoir Iomána Loch Garman, 4, 10
8. Captaen Pheileadóirí Thír Eoghain, 8
9. Curaidh Peile Chúige Laighean 2019, 12
11. Baile an Chláir, Páirc \_\_\_\_\_ 2, 8
12. Contae Chomhdháil Bhliantúil 2019, 4, 6
14. Bainisteoir Pheileadóirí Dhoire, 9

## FREAGRAÍ





## 10 X Ceist #GAAgaeilge Oraibh!

Ná bígí ag googláil!

1. Cá n-imríonn Tiobraid Árann a gcuid cluichí baile?
2. Cá mhéad bonn uile-Éireann atá ag Stephen Cluxton?
3. Cé a bhuaigh Craobh Iomána na hÉireann sa bhliain 2013?
4. Cé a bhuaigh Craobh Peile na hÉireann sa bhliain 2008?
5. Cén contae lena n-imríonn Shane Walsh peil?
6. Cén contae ina n-imríonn Seamróga Loch gCaol?
7. Cén contae ar a dtugtar 'Na Carmanaigh'?
8. Cén t-ainm atá ar Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael?
9. Cén contae lena n-imríonn Cathal Cregg?
10. Cén bhliain inar bunaíodh Cumann Lúthchleas Gael?

### FREAGRAÍ



**Gluais** / Glossary  
**cluichí baile** – home games **bonn uile-Éireann** – All-Ireland medal **Craobh** – Championship **Uachtarán** – President **bunaíodh** – was founded



# GAA Ag Dul i nGleic le Bulaíocht



Tá sé mar aidhm ag CLG timpeallacht thacúil a chruthú nach nglacfar le haon chineál bulaíochta inti.

Glacaimid le cur chuige eagraíochtúil le dul i ngleic le bulaíocht agus táimid tiomanta do struchtúir agus oiliúint ábhartha a chur i bhfeidhm le déileáil le líomhaintí bulaíochta. Breathnaítear ar eachtraí bulaíochta mar sháruithe tromchúiseacha ar ár gCód Dea-Chleachtais i Spórt don Óige, Ár gCluichí – Ár gCód/ Our Games – Our Code.

Táimid tiomanta d'éiteas measa a bhaint amach chun cumas ár mball ar fad a uasmhéadú agus iad ag imirt nó páirteach inár gCluichí Gaelacha.

## CÉARD IS BULAÍOCHT ANN?

Tá ana-chuid samplaí bulaíochta ann:

- **Ó BHÉAL:** iarmhairtí a bhagairt, ráflaí a scaipeadh, ainmneacha a ghlaoch, magadh, ráitis ghnéis/chiníocha/seicteacha a dhéanamh, magadh faoi chuma fhísiciúil nó cumas spóirt.
- **FISICIÚIL:** ciceáil, dom a chaitheamh, bualadh, seile a chaitheamh, greim a bhaint, cor coise a chur i nduine, goid nó milleadh maóine agus trealaimh.
- **MOTHÚCHÁNACH:** neamhaird a thabhairt, duine a fhágáil amach, trioblóid a tharraingt ar dhuine, cúlchaint, nótaí/litreacha/gráifítí gránna a scríobh, litreacha/teachtaireachtaí téacs/ríomhphoist nó tuairimí gránna a scríobh.
- **CIBEARBHULAÍOCHT:** nuair a úsáidtear teachtaireachtaí meandracha, ríomhphoist, teachtaireachtaí téacs, leathanaigh ghréasáin nó láithreáin líonraithe shóisialta chun ráflaí a scaipeadh, bagairtí nó ciapadh a dhéanamh. D'fhéadfá teachtaireachtaí scríofa, grianghraif, físeáin nó teachtaireachtaí béil a áireamh ann.

## BULAÍOCHT A CHOSC

Tá sé de fhreagracht ar gach duine sa Chlub eachtraí Bulaíochta a chosc nó mäs gá, déileáil leo.

- **Ba cheart d'imreoirí, cóisteálaithe agus Clubanna CLG:**
  - ✓ Cód Iompair a chur i bhfeidhm agus iad ag obair le himreoirí faoi aois
  - ✓ Timpeallacht thacúil a chruthú nach nglacfar le Bulaíocht inti
  - ✓ Tacú le héiteas an Chlub go bhfuil sé 'ceart go leor' insint'
  - ✓ Gach duine a chur ar an eolas maidir lenár mBeartas Frithbulaíochta
  - ✓ An tionscnamh Tabhair Meas – Tuill Meas a chur chun cinn

## TABHAIR MEAS TUILL MEAS

Ar gduichí. Ar rógha.

Tá sé de fhreagracht ar an Oifigeach Leanáí i ngach Club 'éiteas frithbulaíochta' a chur chun cinn agus a chinntiú go gcloíonn an Club leis an gCód Dea-Chleachtais i Spórt don Óige – Ár gCluichí – Ár gCód.

## DÉILEÁIL LE BULAÍOCHT

Cén chaoi a mbíonn a fhios agat gur Bulaíocht atá i gceist?  
**Cuir na ceisteanna seo a leanas ort féin:**

- **DÍRITHE** An bhfuil an t-iompar dírithe ar ghrúpa nó ar dhuine aonair?
  - **FAD HA** An bhfuil an t-iompar seo ar siúl le tréimhse ama?
  - **MINICÍOCHT** Cé chomh minic is a bhfuil an t-iompar agus an bhfuil pátrún ann?
  - **CUSPÓIR** An é cuspóir an iompair pian/dochar/anacair a chur ar dhuine nó ar ghrúpa?
- Ba cheart go mbeadh gach ball de Chlub CLG nó gach duine a fhreastalaíonn ar ár gcluichí nó gníomhaíochtaí ar an eolas nach nglactar le Bulaíocht sa CLG

## TIG LE BULAÍOCHT TARLÚ

Ó Dhuine Óg go Duine Óg  
Dhuine Óg go Duine Fásta  
Dhuine Fásta go Duine Óg





## **An chéad bhabhta eile miondeontas d'Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha oscailte**

Tá an chéad bhabhta eile miondeontas d'Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha oscailte anois agus glacfar le hiarratas suas go dtí 5.00in ar an Aoine, 18 Meán Fómhair, 2020. Scéim deontais í seo do chlubanna (atá cláraithe leis an bhFondúireacht) ar mian leo an Ghaeilge a chur chun cinn sa chlub. Tá uasmhéid de €500 le fáil ón scéim seo agus cuireann an Fhondúireacht maoiniú meaitseála ón gciste ar fáil d'imeachtaí incháilithe ar bhonn €2 do gach €1 a cuireann an club féin ar fáil.

Tionscadail ar leith a chuirfear i gcrích roimh dheireadh na bliana amháin a bheas incháilithe sa bhabhta seo. Glacfar le hiarratais le háiseanna teanga a cheannach, comharthaíocht bhuan Ghaeilge a chur in airde sa chlub, suíomh idirlín a aistriú, leabhair/dlúthdhioscaí a fhoilisiú, imeachtaí sóisialta Gaeilge a eagrú, srl...

Le haghaidh tuilleadh eolais faoin mbabhta miondeontas seo is féidir teagmháil a dhéanamh le hoifigigh Ghlór na nGael ag [clg@glornangael.ie](mailto:clg@glornangael.ie)

Mar chuid den scéim seo bronntar 'Bonn Sheosaimh Mhic Dhonncha' ar na clubanna atá cláraithe tar éis dóibh méid áirithe gníomhaíochtaí, a cuireann an Ghaeilge chun cinn, a chur i gcrích sa chlub.

Is comhartha aitheantais é an bonn ar an dea-obair atá á déanamh sna clubanna thar thréimhse ama. De réir mar a cuireann club gníomhaíochtaí ó liosta molta i gcrích, bronntar bonn cré-umha, bonn airgid nó bonn óir orthu de réir mar is cuí. Tá spriocanna cinnte le baint amach ag clubanna. Tá ardstádas agus ardghradam ag baint, ach go háirithe, leis an mbonn óir a bhaint amach.

Scéim tacaíochta de chuid Chumann Lúthchleas Gael agus Ghlór na nGael, le tacaíocht ón Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, agus ó Fhoras na Gaeilge í Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha atá dírithe ar chlubanna CLG ar mian leo an Ghaeilge a chur chun cinn. Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoin bhFondúireacht ag an nasc seo [www.glornangael.ie/clg](http://www.glornangael.ie/clg)





Fondúireacht  
Sheosaimh  
Mhic Dhonncha

Ár gCluichí  
- Ár Laochra



**Faigh tacaíocht d'Ár dTeanga!**

**Our Games - Our Heroes - Get support for Our Language!**

Is scéim tacaíochta de chuid Glór na nGael agus de chuid Chumann Lúthchleas Gael í Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha le haghaidh clubanna CLG ar mian leo an Ghaeilge a chur chun cinn. Cuirfidh Glór na nGael cuidiú ar fáil don Oifigeach Gaeilge i bhfoirm chomhairle, tacaíochta agus idéanna le tógáil ar an obair mhaith atá á déanamh sa chlub cheana féin. Is féidir deontas a lorg ón Fhondúireacht chun cuidiú leis na pleananna sin a chur i gcrích agus bronnfar bonn ar na clubanna as méid áirithe a bhaint amach ar son na teanga.

The Joe McDonagh Foundation is a support service provided by Glór na nGael and the GAA to clubs wishing to further the Irish Language in their community. Glór na nGael will offer help to the Oifigeach Gaeilge to give them direction, support and ideas to build on the good work that has already been done within the club. Grants are available from the Foundation to help realise your plans and medals will be awarded to clubs for various levels of achievement in promotion of the language.

[www.glornangael.ie](http://www.glornangael.ie)

Glór na nGael

GAA







**TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN**